Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An óige a chumhachtú chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach tríd an oideachas

(Tuairim féintionscnaimh)

(2023/C 100/06)

Rapóirtéir: **Tatjana BABRAUSKIENĖ**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	20.1.2022
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
Rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	24.11.2022
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	15.12.2022
Seisiún iomlánach Uimh.	574
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	126/1/1

1. **Conclúidí agus moltaí**

1.1. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit an gealltanas a thug siad ag COP26 ([1]) a athdhearbhú chun go mbeidh an gníomhú ar son na haeráide agus an fhorbairt inbhuanaithe ina ngnéithe lárnacha den churaclam oideachais. Tá sé ríthábhachtach a thabhairt faoi deara gur gá an todhchaí a athshamhlú in éineacht leis an óige, agus conradh sóisialta nua a cheapadh lena n-athrófar an t-oideachas ar bhealach dearfach.

1.2. Chun athrú ó bhonn a bhaint amach, tá CESE ag leagan béim ar an ngá atá le cur chuige cuimsitheach trasearnála, lena n-áiritheofar comhar idir na geallsealbhóirí éagsúla, na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Tá ról ríthábhachtach ag na heagraíochtaí don óige agus ag an oideachas seachfhoirmiúil maidir le feasacht a mhúscailt faoi chur chun feidhme na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) agus maidir le tacú leis an gcur chun feidhme sin.

1.3. Molann CESE don Choimisiún Eorpach leanúint de bheith ag díriú ar riachtanais na hóige i mBliain Eorpach na Scileanna 2023, agus í a nascadh leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis na dúshláin atá roimh dhaoine óga i ndomhan atá ag athrú.

1.4. Is díol sásaimh do CESE an ról comhordúcháin atá ag an gCoimisiún maidir le tionscadail, oiliúint, malartuithe dea-chleachtas agus cumarsáid a chur chun cinn i measc múinteoirí chun cur chun feidhme na SDGanna i réimse an oideachais a chothú. Mar sin féin, ba cheart an t-oideachas le haghaidh cur chuige agus straitéisí maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe, bíodh an t-oideachas sin teoiriciúil nó praiticiúil, a cheapadh ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach, agus é a bhunú ar thaighde leanúnach agus cláir oibre shoiléire; ba cheart faireachán a áireamh san oideachas sin agus ní mór dó feabhas leanúnach agus malartú taithí a chumasú.

1.5. Tá CESE ag leagan béim ar an ról tábhachtach atá ag an idirphlé sóisialta agus sibhialta maidir leis na SDGanna a chomhtháthú ar gach leibhéal oideachais, bíodh sin san oideachas foirmiúil nó seachfhoirmiúil, agus in oideachas múinteoirí, chun a áirithiú go n-áireofar orthu sin creataí inniúlachta sainráite lena gcumasaítear cuspóirí nithiúla foghlama agus modhanna measúnaithe.

1.6. Tá sé á chur in iúl ag CESE a thábhachtaí atá sé go mbeadh an t-eolas atá ag teastáil chun an t-athrú aeráide a chomhrac ar fáil do gach duine, go háirithe maidir le gach gné den tomhaltas agus den táirgeadh inbhuanaithe, roghanna freagracha bia a dhéanamh agus cur amú bia a laghdú, mar aon le húsáid fuinnimh inbhuanaithe. Ba cheart tacú le hoideachas leanaí tríd an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil do thuismitheoirí agus trí oideachas na saoránach. Ina theannta sin, ba cheart for-rochtain do chách a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thacú le heagraíochtaí faoi stiúir na hóige a mhéid a bhaineann leis an ábhar sin.

([1]) Conclúidí na gComhchathaoirleach ó chruinniú mullaigh na nAirí Oideachais agus Comhshaoil ag COP26, *Learn for our Planet. Act for the climate*

1.7. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh nasc níos fearr idir infheistíocht an Aontais agus an t-oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe trí leas a bhaint as cistí an Aontais, amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), Erasmus+, Fís Eorpach, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+).

1.8. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit uile infheistíocht phoiblí inbhuanaithe ardcháilíochta a chur ar fáil chun a áirithiú go ndéanfar na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chomhtháthú san oideachas náisiúnta, ní hamháin go teoiriciúil, ach trí churaclaim chuimsitheacha a fhorbairt freisin chun scileanna smaointeoireachta criticiúla agus cinnteoireacht eolasach a chothú.

1.9. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil do mhúinteoirí chun an ghairm a dhéanamh níos tarraingtí. Cé go bhfuil ganntanas ollmhór múinteoirí san Eoraip, chun go n-éireoidh leis an oideachas ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht, ní mór meas a bheith againn ar mhúinteoirí agus tuarastail chuibhiúla agus dálaí maithe oibre a áirithiú dóibh. Chun an córas oideachais a athrú ó bhonn, tá sé fíorthábhachtach oiliúint tosaigh agus leanúnach ardchaighdeáin a áirithiú do mhúinteoirí, cothroime agus cuimsiú a áirithiú sna córais oideachais agus oiliúna, mar aon le heagrú nuálach na scoileanna.

1.10. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí an óige i gcroílár an phróisis oideachais agus foghlama. D'fhéadfaí é sin a bhaint amach tríd an maorlathas a bhaineann le gairm na múinteoireachta a laghdú, trí dhíriú ar oideolaíocht nuálach agus trí dhlúthchomhar a chothú le daltaí. Sa chomhthéacs seo, tá sé tábhachtach gach múinteoir a ullmhú i dtreo gur féidir leo teicneolaíochtaí nua a úsáid go héifeachtúil i gcomhthéacsanna nua foghlama, cibé acu laistigh den churaclam nó ina saol féin é. Ba thairbheach an ní measúnú a dhéanamh ar a indéanta atá sé ardán tiomnaithe ar líne nó deais a fhorbairt chun dea-chleachtais a mhalartú.

1.11. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach oibriú ar tháscaire Eorpach a thabhairt isteach maidir leis an mbochtaineacht agus luathfhágáil na scoile a laghdú, rud a bheadh i gcomhréir leis an oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe, chun neamhionannais a chomhrac. D'fhéadfaí an táscaire sin a fhorbairt in éineacht le táscaire domhanda.

2. **Cúlra agus comhthéacs**

2.1. *An gá atá le forbairt inbhuanaithe*

2.1.1. Ní mór do na polaiteoirí, na cinnteoirí agus na geallsealbhóirí a aithint go bhfuil géarghá leis an gclaochlú ar mórscála ó shamhail líneach eacnamaíoch atá bunaithe ar bhreosla iontaise agus atá dian ar acmhainní go geilleagar ciorclach atá aeráidneodrach. Mar sin féin, ní mór a aithint freisin go bhfágfar saol agus pleananna na saoránach, go háirithe saol agus pleananna na hóige agus na nglúnta atá le teacht, ina gcíor thuathail.

2.1.2. I ngeall ar chogadh na Rúise i gcoinne na hÚcráine, leagadh béim freisin ar spleáchas neamh-inbhuanaithe na hEorpa ar fhuinneamh iontaise agus cuireadh an t-aistriú glas i gcomhthéacs nua geopholaitiúil. D'fhonn ár spleáchas a laghdú, tá sé níos tábhachtaí ná riamh dlús a chur leis an dícharbónú, rud nach féidir a sheachaint a thuilleadh. I bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, is bealach uathúil i dtreo gheilleagar na dea-bhaile é Clár Oibre 2030, na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDG) a ghabhann leis agus an gealltanas gan aon duine ná aon áit a fhágáil ar lár, agus is slí é chun atógáil níos fearr a dhéanamh agus chun domhan níos cothroime, níos córa, níos cuimsithí, níos inbhuanaithe agus níos athléimní a bhaint amach.

2.1.3. Go gairid, ba cheart don Aontas dea-shampla a leagan síos maidir le conair atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de chun bogadh i dtreo aistriú glas atá cóir go sóisialta. Chun é sin a bhaint amach, tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais daoine óga a chumhachtú agus iad a rannpháirtiú sa chinnteoireacht, an t-oideachas agus an fhostaíocht a oiriúnú, agus tuilleadh daoine óga a spreagadh. De réir an Chláir Gníomhaíochta Dhomhanda don Óige do 2000 agus ina dhiaidh sin ([2]) a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 1995, tá daoine óga i ngach tír ina móracmhainn dhaonna don fhorbairt agus ina bpríomhghníomhairí don athrú sóisialta, don fhorbairt eacnamaíoch agus don nuálaíocht theicneolaíoch. Tá sé á chur in iúl ag CESE gurb iad na daoine óga ceannairí na todhchaí. Ní mór tacaíocht a thabhairt dóibh maidir le rochtain a fháil ar an nuálaíocht fhorásach, agus ní mór iad a chomhtháthú go hiomlán sa cheapadh beartas d'fhonn an fhorbairt inbhuanaithe a fheabhsú.

2.1.4. Is é cuspóir na tuairime féintionscnaimh seo anailís a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil na SDGanna leabaithe i gcuraclam oideachais na mBallstát agus ar conas a dhéantar an méid sin, agus scrúdú a dhéanamh féachaint an féidir an cur chuige atá á ghlacadh ag na Ballstáit faoi seach a mheas mar oideachas claochlaitheach chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ([3]). Ina theannta sin, cuirtear moltaí ar fáil chun tacú leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na Ballstáit maidir le conas deiseanna a chothú agus dúshláin a shárú chun beartais don óige a fhorbairt tuilleadh, agus a áirithiú ag an am céanna go ndéanfar an t-oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe a phríomhshruthú go luath.

([2]) Clár gníomhaíochta domhanda na Náisiún Aontaithe don óige.

([3]) Úsáidtear téarmaí éagsúla agus tagraítear sa tuairim do "oideachas claochlaitheach chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn". Baintear úsáid, áfach, as na téarmaí "oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe" agus "oideachas le haghaidh inbhuanaitheacht comhshaoil" go hidirmhalartach sa chomhthéacs reatha. Féach freisin an ghluais san fhoscríbhinn.

2.2. *Tírdhreach an bheartais*

2.2.1. In 2015, ghlac na Náisiúin Aontaithe na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) mar threoirphlean uaillmhianach don domhan chun gníomhaíocht chomhchoiteann a eagrú in aghaidh dhíghrádú an chomhshaoil agus saincheisteanna a bhaineann le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch. Cuirtear an t-oideachas i gcroílár chur chun feidhme na 17 SDG, agus na 169 sprioc ghaolmhara a bhaineann leo atá le baint amach faoi 2030. Is ceart daonna é an t-oideachas agus ba cheart rochtain a bheith ag cách air (lena n-áirítear an t-oideachas ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht). Mar sin féin, de réir thuarascáil Unesco maidir le cur chun feidhme na SDGanna, níl an t-oideachas poiblí saor in aisce do chách agus is minic nach mbíonn sé cuimsitheach. Dá bhrí sin, ba dheacair go dtí seo SDG 4.7 a chur chun feidhme. Ina theannta sin, tá roinnt mhaith tíortha ann nach bhfuil tiomanta go hiomlán go fóill an gníomhú ar son na haeráide a áireamh ar an gcuraclam mar ghné lárnach ([4]).

2.2.2. Le SDG 4.7, leagtar amach go mbeidh ar na sínitheoirí a áirithiú go sealbhóidh gach foghlaimeoir faoi 2030 an t-eolas agus na scileanna is gá chun an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, cultúr na síochána agus an neamhfhoréigin a chur chun cinn, an tsaoránacht dhomhanda agus meas a léiriú ar an éagsúlacht chultúrtha agus ar an gcaoi a gcuireann an cultúr leis an bhforbairt inbhuanaithe, mar aon le nithe eile nach iad. Tá an tuairim ó CESE a bhaineann leis an ábhar seo *Towards an EU strategy for enhancing green skills and competences for all* [I dtreo straitéis AE chun scileanna agus inniúlachtaí glasa a fheabhsú do chách] ([5]) (níl leagan Gaeilge ann) ar aon dul leis an moladh sin.

2.2.3. Le blianta beaga anuas, tá beartas an Aontais ag díriú, murab ionann is riamh, ar an inbhuanaitheacht comhshaoil. Is é an Comhaontú Glas don Eoraip ([6]), a seoladh in 2019, an plean atá ag an gCoimisiún Eorpach chun geilleagar an Aontais a dhéanamh inbhuanaithe, rud a léiríonn a uaillmhian go mbeidh an Eoraip ar an gcéad ilchríoch a bheidh neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050.

2.2.4. Mar chuid dá phlean um oideachas agus oiliúint chun cur leis an aistriú glas, mhol an Coimisiún Eorpach raon tionscnamh, lena n-áirítear an méid seo a leanas: ar an gcéad dul síos, an Chomhghuaillíocht "Oideachas ar mhaithe leis an Aeráid" a sheoladh ([7]); ar an dara dul síos, conclúidí ón gComhairle a glacadh le déanaí maidir le rannpháirtíocht daoine óga a chothú mar ghníomhaithe ar son an athraithe chun an comhshaol a chosaint ([8]), agus moladh ón gComhairle maidir leis an bhfoghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe ([9]). Ar an tríú dul síos, táthar ag moladh creat Eorpach inniúlachtaí a fhorbairt maidir leis an athrú aeráide agus leis an bhforbairt inbhuanaithe ([10]).

2.2.5. An 4-5 Aibreán 2022, leag an Chomhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt béim ar an ról tábhachtach atá ag an spórt san oideachas ar mhaithe le timpeallacht inbhuanaithe agus mhol sí "bealaí a aimsiú chun oideachas forbartha inbhuanaithe, agus cothú mheon na freagrachta comhshaoil agus sibhialta a chur chun cinn i measc clubanna spóirt, cónaidhmeanna agus geallsealbhóirí eile i réimse an spóirt" ([11]).

2.2.6. Tá sé i gceist freisin le Bliain Eorpach na hÓige 2022 na deiseanna agus na féidearthachtaí nua a chuirtear ar fáil leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn. Ba cheart do na haistrithe sin a bheith cuimsitheach agus ba cheart dóibh aird a dhíriú ar lánpháirtiú daoine óga ar lú na deiseanna atá acu agus ar ghrúpaí leochaileacha daoine óga. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de bheith ag díriú ar riachtanais na hóige i mBliain Eorpach na Scileanna 2023, agus í a nascadh leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis na dúshláin atá roimh dhaoine óga i ndomhan atá ag athrú.

([4]) Tuarascáil faireacháin Unesco maidir leis an oideachas domhanda, 2021/2 *Non-state actors in education: who chooses? who loses?*

([5]) *Opinion of the European Economic and Social Committee on Towards an EU strategy for enhancing green skills and competences for all (own-initiative opinion)* (níl leagan Gaeilge ann), (IO C 56, 16.2.2021, lch. 1).

([6]) An Comhaontú Glas don Eoraip.

([7]) An Coimisiún Eorpach — An Chomhghuaillíocht "Oideachas ar mhaithe leis an Aeráid".

([8]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — I dtreo straitéis AE chun scileanna agus inniúlachtaí glasa a fheabhsú do chách (tuairim féintionscnaimh), (IO C 159, 12.4.2022, lch. 9).

([9]) Moladh an 16 Meitheamh 2022 ón gComhairle maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe, (IO C 243, 27.6.2022, lch. 1).

([10]) Bianchi, G., Pisiotis, U. agus Cabrera Giraldez, M., GreenComp The European sustainability competence framework [GreenComp, An creat Eorpach um inniúlachtaí inbhuanaitheachta], Punie, Y. agus Bacigalupo, M. eagarthóir(í), EUR 30955 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2022, ISBN 978-92-76-46485-3, doi:10.2760/13286, JRC128040.

([11]) Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát — Spórt agus gníomhaíocht choirp, réimsí a bhfuil gealladh fúthu chun iompraíocht a athrú ó bhonn ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe, (IO C 170, 25.4.2022, lch. 1).

2.2.7. Tá sé tábhachtach go mbeadh nasc níos fearr idir infheistíocht an Aontais agus an t-oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe trí leas a bhaint as cistí an Aontais, amhail an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), Erasmus+, Fís Eorpach, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), agus Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Tá an comhrac i gcoinne chailliúint na bithéagsúlachta, an truaillithe agus an athraithe aeráide ar cheann de cheithre thosaíocht uileghabhálacha chlár nua Erasmus+ don tréimhse 2021-2027, mar aon le cuimsiú agus éagsúlacht, an claochlú digiteach agus rannpháirtíocht sa saol daonlathach. Is díol sásaimh do CESE go spreagfar an tsoghluaisteacht ar líne i gclár Erasmus freisin chun an lorg carbóin a laghdú.

3. **An óige, an t-oideachas agus an fhorbairt inbhuanaithe**

3.1. Ní mór an tábhacht a bhaineann le forbairt scileanna i réimse an mhaolaithe ar an athrú aeráide agus an oiriúnaithe don athrú aeráide, agus sa gheilleagar ciorclach freisin, a chur san áireamh in athsciliú agus uas-sciliú daoine óga. Tá ról lárnach ag na comhpháirtithe sóisialta (eagraíochtaí na bhfostóirí agus ceardchumainn na n-oibrithe) agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta maidir le próifílí agus caighdeáin ghairmiúla agus cheirde a shainiú agus maidir le gnéithe inbhuanaitheachta a chomhtháthú i bprintíseachtaí agus in oiliúint fostaithe. Cabhraíonn na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta le daoine óga iad féin a chur in oiriúint don aistriú ón scoil go dtí an obair ar bhealach a chuimsíonn an fhorbairt inbhuanaithe. Tá ról an idirphlé shóisialta agus shibhialta ríthábhachtach agus ní mór é a neartú.

3.2. Teastaíonn an méid seo a leanas ó dhaoine óga: cuimsitheacht dhigiteach agus shóisialta, oideachas agus oiliúint ardcháilíochta, fostaíocht chobhsaí, dálaí maithe oibre, tithíocht inacmhainne agus tacaíocht maidir leis an athrú aeráide a chomhrac go laethúil. Tá gá le tuilleadh taighde agus sonraí maidir le tionchar an athraithe aeráide ar thíortha, ar réigiúin agus ar an leibhéal áitiúil. Ní mór an taighde agus na sonraí sin a nascadh le réamhaisnéisí maidir le scileanna agus poist. Cé go bhfuil géarchéim thromchúiseach bhia san Eoraip agus i mór-ranna eile, ní mór do dhaoine óga foghlaim faoi na gnéithe uile a bhaineann leis an tomhaltas inbhuanaithe, le conas cur amú bia a laghdú, agus le conas roghanna freagracha bia a dhéanamh.

3.3. Ba cheart dul i ngleic le neamhionannais trí tháscaire domhanda agus Eorpach a thabhairt isteach maidir leis an mbochtaineacht agus le luathfhágáil na scoile a laghdú, rud a bheadh ar aon dul leis an oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe. Tá tionchar díobhálach á imirt ar theaghlaigh óga ag dídhaonrú na gceantar tuaithe de dheasca easpa deiseanna fostaíochta agus oideachais. Is fadhb í luathfhágáil na scoile i gceantair uirbeacha agus i gceantair thuaithe, dá bhrí sin, ní mór do bheartais a bhaineann le margadh an tsaothair agus le fás eacnamaíoch cothrom a bheith éifeachtach chun líon na ndaoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna (NEETanna) ([12]) a laghdú.

3.4. Tá sé ríthábhachtach an Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha ([13]) a chur chun feidhme go héifeachtach agus an Creat Cáilíochta Eorpach do Chúrsaí Oiliúna a fheabhsú i ndáil leis an oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe.

3.5. I bhfianaise scála, chastacht agus phráinn na saincheisteanna sin, creideann CESE go bhfuil gá le hiarracht neartaithe agus chomhordaithe níos fearr ón Aontas agus ó na Ballstáit, lena n-áirítear maidir le feabhas a chur ar an oideachas ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht, gné atá ríthábhachtach sa lá atá inniu ann. Áirítear leis sin freisin oideachas maidir le húsáid fuinnimh inbhuanaithe. Ní mór faireachán agus mapáil leanúnach a dhéanamh ar bheartais an Aontais agus na mBallstát maidir leis an oideachas, agus dea-chleachtais a mhalartú i measc tíortha agus eagraíochtaí. I gcroílár an oideachais le haghaidh forbairt inbhuanaithe tá luachanna daonnúla a dhíríonn ar eolas a shealbhú agus ar réitigh phraiticiúla chothroma a chruthú, agus iarmhairtí comhshaoil agus sóisialta á gcur san áireamh.

3.6. Tá ról ríthábhachtach ag múinteoirí agus ag tuismitheoirí san oideachas ar mhaithe le timpeallacht inbhuanaithe. Ní mór tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus d'oiliúnóirí trí mheán oiliúint ghairmiúil tosaigh agus leanúnach ar ardchaighdeán maidir leis an inbhuanaitheacht. Sa tuairim ó CESE *I dtreo straitéis AE chun scileanna agus inniúlachtaí glasa a fheabhsú do chách* ([14]), cuireadh i dtábhacht an gá a bhí ann go mbeadh an t-eolas atá ag teastáil chun an t-athrú aeráide a chomhrac ar fáil do gach duine. Tá an fhoghlaim ar feadh an tsaoil do thuismitheoirí agus oideachas na saoránach ríthábhachtach agus ba cheart an dá ghné sin a neartú trí fheasacht a ardú i measc an phobail i gcoitinne, lena n-áirítear trí thacú le heagraíochtaí don óige maidir leis an ábhar sin.

([12]) Is acrainm é NEET a dhéanann tagairt do dhaoine "nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna", atá dífhostaithe agus nach bhfuil oideachas nó gairmoiliúint á bhfáil acu.

([13]) Moladh ón gComhairle an 15 Márta 2018 — Creat Eorpach do Phrintíseachtaí Ardchaighdeáin agus Éifeachtacha (IO C 153, 2.5.2018, lch 1).

([14]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — I dtreo straitéis AE chun scileanna agus inniúlachtaí glasa a fheabhsú do chách (níl leagan Gaeilge ann), (IO C 56, 16.2.2021, lch. 1).

3.7. Tá CESE ag iarraidh ar na Ballstáit tacaíocht éifeachtach a chur ar fáil do mhúinteoirí chun an ghairm a dhéanamh níos tarraingtí. Cé go bhfuil ganntanas ollmhór múinteoirí san Eoraip, chun go n-éireoidh leis an oideachas ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht, ní mór meas a bheith againn ar mhúinteoirí agus tuarastail chuibhiúla agus dálaí maith oibre a áirithiú dóibh. Chun an córas oideachais a athrú ó bhonn, tá sé fíorthábhachtach oiliúint tosaigh agus leanúnach ardchaighdeáin a áirithiú do mhúinteoirí, cothroime agus cuimsiú a áirithiú sna córais oideachais agus oiliúna, mar aon le heagrú nuálach na scoileanna, chun cultúr síochána agus sábháilteachta a chruthú. D'fhonn an óige a chumhachtú chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach tríd an oideachas, beidh gá le gairmithe cumasacha a mbeidh teacht acu ar uirlisí éagsúla cumhachtacha. Tuigeann múinteoirí oilte conas an úsáid is fearr a bhaint as Dearbhú Pháras ([15]) agus Dearbhú Osnabrück maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint ([16]) ina gcuid oibre laethúla chun an tsaoránacht agus luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe san oideachas a chur chun cinn.

3.8. I ngeall ar a smaointe cruthaitheacha, a ndíograis agus a bhfuinneamh, is caipiteal daonna luachmhar agus foinse smaointe nuálacha iad daoine óga na hEorpa. Tá an ról is tábhachtaí acu maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i mBallstáit an Aontais inniu agus go gairid. Dá bhrí sin, tá foinse mhór acmhainneachta neamhshaothraithe ag Ballstáit an Aontais, foinse ar féidir leo leas a bhaint aisti chun dul i mbun gnímh. Tá ról tábhachtach ag na heagraíochtaí don óige agus ag an oideachas seachfhoirmiúil maidir le tacú leis an oideachas inbhuanaithe agus leis an bhfoghlaim inbhuanaithe.

3.9. Tá CESE ag iarraidh go gcuirfí an óige i gcroílár an phróisis oideachais agus foghlama. D'fhéadfaí é seo a bhaint amach tríd an maorlathas a bhaineann le gairm na múinteoireachta a laghdú, trí dhíriú ar oideolaíocht nuálach agus ar dhlúthchaidreamh le daltaí, agus trí gach múinteoir a ullmhú i dtreo gur féidir leo teicneolaíochtaí nua a úsáid go héifeachtúil i gcomhthéacsanna nua foghlama, cibé acu laistigh den churaclam nó ina saol féin. Chun go n-éireoidh leis an oideachas claochlaitheach, beidh gá le scileanna claochlaitheacha, agus múinteoirí agus saoránaigh a thionscnaíonn bunathruithe. Tá dóthain ama, spáis agus acmhainní de dhíth ar mhúinteoirí agus ar oiliúnóirí chun go mbeidh siad in ann cur chuige praiticiúil agus trasearnála a ghlacadh a mhéid a bhaineann leis an oideachas le haghaidh inbhuanaitheacht comhshaoil (EES), bunaithe ar chomhar éifeachtach idir na geallsealbhóirí. Is ábhar leathan é seo a bhaineann le gnéithe uile an oideachais agus na gairmoiliúna, rud a chiallaíonn gur gá cur chuige oideolaíoch idirdhisciplíneach a ghlacadh.

3.10. Is cúis áthais go bhfuil daoine óga ag rannchuidiú cheana féin leis an bhforbairt inbhuanaithe ina dtíortha féin agus le spriocanna idirnáisiúnta aeráide a bhaineann leis an "neamhdhíobháil don chomhshaol". Ar a mhuin sin, is díol sásaimh go bhfuil páirt ghníomhach acu i líonraí idirnáisiúnta na ngluaiseachtaí don óige atá dírithe ar an dúlra a chaomhnú agus ar an athrú aeráide a chomhrac. Mar chomhlánú air sin, ní mór dúinn gach córas oideachais a oiriúnú chun spás a chur ar fáil don oideachas claochlaitheach a chuirfidh ar chumas níos mó daoine óga a n-iarrachtaí a stiúradh chun an t-athrú claochlaitheach atá de dhíth orainn a bhaint amach. De réir thuarascáil an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) a eisíodh le déanaí, tá an fhoghlaim chlaochlaitheach ríthábhachtach toisc go gcabhraíonn sí le feasacht chomhroinnte a chothú agus le comhghníomhaíochtaí a spreagadh ([17]).

4. **Ní mór breathnú ar an bhforbairt inbhuanaithe mar phróiseas foghlama leanúnach agus cuimsitheach**

4.1. Tá sé tábhachtach a aithint nach féidir an stát ná an tsochaí forbairt go hinbhuanaithe gan foghlaim leanúnach a bheith ar bun, agus gan taithí nua a fháil agus a chur san áireamh san fhoghlaim sin. I ndáil leis an méid sin, ní mór breathnú ar an bhforbairt inbhuanaithe mar phróiseas leanúnach nach mór don phobal i gcoitinne foghlaim uaidh faoi conas maireachtáil ar bhealach níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil, an gheilleagair agus na sochaí de. Trí rochtain ar fhaisnéis a éascú agus trí fheasacht a mhéadú, agus rud is tábhachtaí fós, trí chumas daoine a fhorbairt chun réitigh a nuáil agus a chur chun feidhme, tá an t-oideachas ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht ríthábhachtach má táimid chun an bealach ina mairimid agus ina n-oibrímid a atreorú. Chun oideachas a chur ar dhaoine óga dul i ngleic go comhfhiosach leis na saincheisteanna i réimse na forbartha inbhuanaithe is casta atá le sárú ag pobail agus ag stáit, is gá curaclaim chuimsitheacha a fhorbairt chun scileanna smaointeoireachta criticiúla agus cinnteoireacht eolasach a chothú.

4.2. Bunaithe ar staidéir agus ar thaighde a rinneadh thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh chun an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an bhfoghlaim don inbhuaine comhshaoil a ullmhú, níl sainmhíniú soiléir ach ag 13 Bhallstát ar an rud is oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe (OFI) ann nó ar an oideachas le haghaidh inbhuanaitheacht comhshaoil. Is trua nach gcuirtear an téarma "oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe" ná SDG 4.7 i

([15]) An tsaoránacht agus luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas (2015) Eurydice.

([16]) Dearbhú Osnabrück maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint mar chumasóir téarnaimh agus aistrithe cóir chuig geilleagar digiteach agus geilleagar glas – osnabrueck_declaration_eu2020.pdf.

([17]) An Séú Tuarascáil Mheasúnachta ó IPCC, Meitheal III *Climate Change 2022: Mitigation of Climate Change*, lch. 2871.

bhfeidhm i roinnt de na Ballstáit cé go n-aithnítear é mar ghné lárnach de SDG 4 maidir le hoideachas ar ardchaighdeán agus mar phríomhchumasóir do na SDGanna. Níor tugadh aghaidh ar an gceist shonrach maidir le cistiú sna tuarascálacha tíre a ndearnadh anailís orthu. Mar sin féin, luaigh an Iodáil, tír atá tosaithe ar ghealltanais a dhéanamh maidir le OFI, go soiléir go bhfuil an easpa cistithe ar cheann de na príomhchúiseanna a bhfuil cur chun feidhme OFI ina stad. Nuair nach bhfuil an dara rogha ag na rialtais ach ciorruithe a dhéanamh de thoradh géarchéimeanna eacnamaíocha, fuinnimh agus costas maireachtála, cuirtear an t-oideachas, mar aon le réimsí sóisialta eile, sa mheá i gcónaí. Is í an easpa infheistíochta is cúis le cineálacha éagsúla príobháidithe agus neamhshiméadrachtaí sna córais, rud a bhaineann an bonn den chothroime agus den tsaoirse oideolaíoch agus acadúil.

4.3. Ábhar machnaimh eile is ea an cheist seo a leanas: an bhfuil straitéis láraithe ón mbarr anuas ag teastáil chun OFI a chur chun feidhme go rathúil, nó an bhfuil fachtóirí eile ann a chinneann a rath? Níl straitéis náisiúnta le haghaidh OFI ag an Danmhairg ná ag an Ísiltír ach tá iarrachtaí á ndéanamh ag scoileanna sa dá thír sin chun an t-ábhar seo a chur chun cinn. Tá straitéis náisiúnta ag an bhFionlainn ach tá imní uirthi go bhfuil an t-oideachas le haghaidh OFI ilroinnte ar fud na scoileanna. Tá OFI curtha san áireamh ag an Iodáil cheana féin sa churaclam náisiúnta, ach tá roinnt dúshlán ann maidir lena chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach. Tá straitéis náisiúnta forbartha ag an bhFrainc, straitéis a bhainistíonn na húdaráis oideachais áitiúla agus a chuirtear i bhfeidhm i ngach scoil tríd an gcuraclam náisiúnta agus tionscadail oideolaíocha. Ar an mbealach sin, tá gach leibhéal rannpháirteach sa straitéis sin, rud a chinntíonn a rath.

4.4. Ceann de na saincheisteanna ríthábhachtacha is ea tosaíocht a thabhairt don oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe. D'fhoilsigh ECFE, i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach, taighde ([18]) le déanaí ina mapáiltear scileanna daoine óga maidir leis an inbhuanaitheacht comhshaoil ar fud thíortha an Aontais agus ECFE. D'fhéadfadh an cur chuige nua sin i leith staidéar agus measúnuithe a bheith ina dhreasacht do na Ballstáit tosaíocht a dhéanamh de OFI. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an gcaidreamh idir bearta na Náisiún Aontaithe chun OFI a chur chun cinn agus bearta ECFE chun rannchuidiú le forbairt an bheartais oideachais trí PISA d'fhonn a fháil amach an bhfuil aon chosúlachtaí sa chaoi a múnlaíonn an dá thacar beart sin córais oideachais.

4.5. Ar cheann de na bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann tá cur chun feidhme an oideachais le haghaidh forbairt inbhuanaithe i dtíortha a bhfuil córas feidearálach acu. Léiríodh sna tuarascálacha náisiúnta go bhfuil leibhéil éagsúla comhordúcháin sna Ballstáit idir an aireacht chónaidhme féin agus na húdaráis réigiúnacha — tá an Ghearmáin ag streachailt leis an gcomhordú sin agus tá líonra ag an Ostair a dhéanann an comhordú a rialú. Sampla de sin a d'fhéadfadh tíortha eile a leanúint is ea an chaoi a bhfuil baint ag rialtas cónaidhme na hOstaire le tionscnaimh ón mbun aníos.

4.6. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh na sochaithe atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo athmheasúnú, athmhachnamh agus athshainmhíniú ar an oideachas i bhfianaise an oideachais inbhuanaithe agus na foghlama inbhuanaithe, ón oideachas réamh-bhunscoile go dtí an t-oideachais ollscoile agus níos faide i gcéin, ionas go gcuimseofar iontu ar deireadh na prionsabail, an t-eolas, na scileanna, na creidimh agus na luachanna a bhaineann leis an inbhuanaitheacht i ngach ceann de na trí réimse seo: an éiceolaíocht, an tsochaí agus an geilleagar. Ba cheart an próiseas sin a chur i bhfeidhm ar an leibhéal domhanda agus ní mór dó a bheith idirdhisciplíneach agus ba cheart tionscnaimh faoi stiúir an phobail chomh maith le tuairimí an phobail i gcoitinne a áireamh ann. Ní mór do na rialtais tacú leis freisin. Mar sin féin, ní mór saintréithe áitiúla agus gnéithe cultúrtha sonracha a chur san áireamh ag céim an chur chun feidhme sna tíortha aonair.

4.7. Leis an oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe, ba cheart eolas faoin gcomhshaol agus faoin riocht ina bhfuil sé a scaipeadh, agus léiriú a thabhairt ar na féidearthachtaí atá ann maidir lenár ngeilleagar a oiriúnú ar bhealach a bheidh ina dhreasú chun tosaíocht a thabhairt d'fholláine na ndaoine agus an phláinéid, agus cothromas ó ghlúin go chéile a chur chun cinn agus an comhshaol nádúrtha a chaomhnú ag an am céanna. Ba cheart don gheilleagar oiriúnaithe sin tábhacht mhéadaithe a thabhairt do mhodhanna bainistíochta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, deiseanna a chur ar fáil chun urraim chúramach do luachanna nádúrtha agus cultúrtha a chothú, agus a bheith dírithe ar luachanna bunaithe ar eitic éiceolaíoch maidir leis an bhfreagracht an comhshaol a chaomhnú don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúine atá le teacht agus chun úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní nádúrtha.

4.8. Ba cheart don oideachas claochlaitheach le haghaidh forbairt inbhuanaithe:

— a bheith bunaithe ar na prionsabail agus ar na luachanna is bonn leis an bhforbairt inbhuanaithe;

([18]) Borgonovi, F., *et al.* (2022), "*Young people's environmental sustainability competence: Emotional, cognitive, behavioural, and attitudinal dimensions in EU and OECD countries*" *OECD Social, Employment and Migration Working Papers*, Uimh. 274, Foilsitheoireacht ECFE, Paris.Borgonovi, F., *et al.* (2022), "*The environmental sustainability competence toolbox: From leaving a better planet for our children to leaving better children for our planet*" OECD Social, Employment and Migration Working Papers, Uimh. 275, Foilsitheoireacht ECFE, Páras. Ullmhaíodh na doiciméid sin mar eolas cúlra don doiciméad ar dhearcthaí ECFE maidir le scileanna a fhoilseofar in 2023.

— tionchar a imirt ar gach ceann de thrí réimse na forbartha inbhuanaithe: an comhshaol, an tsochaí agus an geilleagar;

— an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus ar fud an tsaoil a spreagadh lena gcothaítear sochaithe inbhuanaithe, urramacha, freagracha, réamhghníomhacha agus criticiúla;

— seasamh ar son oideachas ar ardchaighdeán, a dtugtar tacaíocht ghníomhach dó agus a n-úsáidtear cur chuige iomlánaíoch ina leith;

— oideachas inrochtana cearta-bhunaithe a chothú a bheidh urramach, cuimsitheach agus lena ndéanfar an éagsúlacht a cheiliúradh;

— dearcadh domhanda a chothú ach díriú ar shaincheisteanna áitiúla agus ar shaintréithe cultúrtha ag an am céanna;

— oideachas foirmiúil, seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a chumhdach;

— cineál athraitheach choincheap na forbartha inbhuanaithe a chur san áireamh.

4.9. Ní ann d'aon samhlacha uilíocha i gcás an oideachais chlaochlaithigh le haghaidh na hinbhuanaitheachta agus, dá bhrí sin, beidh ar na tíortha uile a dtosaíochtaí agus a ngníomhaíochtaí féin a shocrú i réimse na forbartha inbhuanaithe agus an oideachais inbhuanaithe, ag obair dóibh go héifeachtach i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta eagraithe agus geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear eagraíochtaí don óige. Tá ról lárnach ag ceannaireacht chomhoibríoch na scoileanna agus ag oideachas na saoránach maidir le scoileanna a mhúnlú chun oideachas inbhuanaitheachta a fheabhsú. Ba cheart cuspóirí, príomhthreonna gníomhaíochta agus sásraí a chinneadh, agus dálaí áitiúla comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha agus saintréithe cultúrtha á gcur san áireamh.

4.10. Is éard atá i gceist le córas oideachais a chruthú le haghaidh forbairt inbhuanaithe aistriú ó oideachas traidisiúnta go samhail atá dírithe ar an inbhuanaitheacht, ar cheart é a bheith bunaithe ar eolas idirdhisciplíneach leathan a bhfuil cur chuige comhtháite maidir le forbairt na sochaí, an gheilleagair agus an chomhshaoil mar bhonn taca leis. Ba cheart obair ar leibhéal an oideachais fhoirmiúil (scoileanna, ollscoileanna, institiúidí ardoiliúna), an oideachais sheachfhoirmiúil (ionaid oiliúna a chruthú, seimineáir agus cruinnithe comhchéime, na meáin a úsáid, etc.) agus an oideachais neamhfhoirmiúil (foghlaim idir piaraí trí imeachtaí, malartuithe óige, tionscadail faoi stiúir na hóige etc.) a áireamh sa chineál sin oideachais. Na cláir oideachais agus oiliúna lena gcomhtháthaítear an t-oideachas le haghaidh inbhuanaitheacht comhshaoil, ní mór dóibh a bheith inrochtana agus cuimsitheach. Ba cheart do rialtais aird a thabhairt, dá luaithe is ea is fearr é, ar chás na ndaoine óga ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, mar atá sé i ndáiríre, agus teacht ar bhealaí chun na grúpaí sin a chur san áireamh.

An Bhruiséil, an 15 Nollaig 2022.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Christa SCHWENG